Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12673/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0293(NLE)**

**ECOFIN 894**
**FIN 943**
**UEM 224**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 476 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Cróite chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil ag eascairt as ráig COVID-19 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 476 final.

Faoi iamh: COM(2022) 476 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.9.2022
COM(2022) 476 final

2022/0293 (NLE)
**SENSITIVE**[*]

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Cróite chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil ag eascairt as ráig COVID-19

[*] Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Leagtar síos le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle (‘Rialachán SURE’) an creat dlíthiúil chun cúnamh airgeadais ón Aontas a sholáthar do na Ballstáit atá faoi shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach, nó a bhfuil an dianbhagairt sin orthu, de bharr ráig COVID-19. Maoinítear leis an tacaíocht faoi SURE, go príomha, scéimeanna oibre gearr-ama nó bearta comhchosúla atá dírithe ar fhostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint agus ar an gcaoi sin an dífhostaíocht agus an caillteanas ioncaim a laghdú, chomh maith le roinnt beart a bhaineann leis an tsláinte, go háirithe san áit oibre, a mhaoiniú, mar chuid choimhdeach.

An 6 Lúnasa 2020 d’iarr an Chróit cúnamh airgeadais ón Aontas agus an 25 Meán Fómhair 2020, lena Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348, dheonaigh an Chomhairle cúnamh airgeadais don Chróit d’fhonn a hiarrachtaí náisiúnta a chomhlánú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d’iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige d’oibrithe.

An 25 Iúil 2022 d’iarr an Chróit cúnamh airgeadais ón Aontas arís faoi Rialachán SURE.

I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán SURE, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis na Cróite chun fíorú a dhéanamh maidir leis an mórmhéadú tobann ar chaiteachas iarbhír a bhaineann go díreach le bearta maidir le margadh saothair na Cróite mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Go sonrach, baineann sé sin leis na bearta atá ann cheana dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 ón gComhairle:

(a) An beart atá ann cheana lena gcuirtear cómhaoiniú ar thuarastail oibrithe ar fáil do ghnólachtaí a bhfuil titim ioncaim acu i gcomparáid le 2019, ar choinníoll nach bhfoirceannfar an caidreamh fostaíochta. Le haghaidh mhí an Mhárta 2020, socraítear méid na tacaíochta ag HRK 3 250 in aghaidh an fhostaí lánaimseartha, agus ag tosú ó mhí Aibreáin 2020 socraítear méid na tacaíochta míosúla ag HRK 4 000 in aghaidh an fhostaí lánaimseartha. Fanann an méid tacaíochta in aghaidh an fhostaí gan athrú le linn na tréimhse ina bhfuil an beart gníomhach, ach tagann athruithe ar na hearnálacha atá incháilithe do thacaíocht le himeacht ama, agus an méid sin ag brath ar dhálaí eacnamaíocha. Le haghaidh na tréimhse idir mí na Samhna 2020 agus mí an Mheithimh 2021, maidir le cuideachtaí atá faoi dhianghlasáil de réir cinneadh ó na húdaráis náisiúnta, faigheann siad tacaíocht in aghaidh an fhostaí lánaimseartha ag brath ar líon na laethanta dianghlasála ach ar méid é nach mbeidh níos airde ná HRK 4 000 le haghaidh mí iomlán dianghlasála. Cuireadh deireadh leis an mbeart ag deireadh mhí an Mheithimh 2022.

(b) Maidir leis an mbeart atá ann cheana lena gcuirtear tacaíocht ar fáil don laghdú sealadach ar am oibre[1] sa tréimhse idir mí an Mheithimh 2020 agus mí na Nollag 2022 do ghnólachtaí ina bhfostaítear 10 bhfostaí nó níos mó atá ag feidhmiú in aon earnáil, ar choinníoll nach bhfoirceannfar an caidreamh fostaíochta. Is féidir suas le HRK 2 000 in

[1] Laghdú 10 % ar a laghad ar uaireanta oibre míosúla comhiomlána (i.e. uaireanta na n-oibrithe uile) i gcomparáid leis an mí chéanna den bhliain roimhe sin le haghaidh na tréimhse ó mhí an Mheithimh go mí na Nollag 2020. Ó mhí Eanáir 2021 ar aghaidh, ní mór laghdú 20 % ar a laghad a bheith ar líon na n-uaireanta oibre míosúla i gcomparáid le mí chomhchosúil den bhliain roimhe sin.

aghaidh na míosa in aghaidh an fhostaí a mhaoiniú leis an mbeart. Tá sé beartaithe an beart a chur i bhfeidhm go dtí deireadh mhí na Nollag 2022.

Chuir an Chróit an fhaisnéis ábhartha ar fáil don Choimisiún.

Agus an fhianaise atá ar fáil á cur san áireamh, molann an Coimisiún don Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh chun cúnamh airgeadais a dheonú don Chróit faoi Rialachán SURE chun tacú leis na bearta thuas.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo go hiomlán comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle, faoina ndéantar an togra.

Tagann an togra seo sa bhreis ar ionstraim dlí eile de chuid an Aontais chun tacaíocht a sholáthar do na Ballstáit i gcás éigeandálaí, eadhon Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) ('Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002'). An 30 Márta 2020 glacadh Rialachán (AE) 2020/461 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear an ionstraim sin chun a raon feidhme a leathnú chun go gcumhdófar móréigeandálaí sláinte poiblí agus chun oibríochtaí sonracha is incháilithe do mhaoiniú a shainiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo mar chuid de réimse beart a forbraíodh mar fhreagairt ar phaindéim reatha COVID-19, amhail 'an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas', agus tá sé comhlántach le hionstraimí eile a thacaíonn le fostaíocht amhail Ciste Sóisialta na hEorpa agus Ciste na hEorpa le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)/InvestEU. Trí úsáid a bhaint as iasachtaí a fháil agus a thabhairt ar mhaithe le tacú leis na Ballstáit sa chás áirithe seo a bhaineann le ráig COVID-19, is togra é seo atá mar bheart cosanta tánaistí chun scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a mhaoiniú, rud a chuideoidh le poist a chosaint agus, ar an gcaoi sin, fostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint ar riosca na dífhostaíochta.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle is bunús dlí don ionstraim seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Leanann an togra seo iarraidh ó Bhallstát agus léirítear ann dlúthpháirtíocht na hEorpa trí chúnamh airgeadais an Aontais a chur ar fáil i bhfoirm iasachtaí sealadacha do Bhallstát a ndéanann ráig COVID-19 difear dó. Mar bheart cosanta tánaistí, tacaíonn an cúnamh airgeadais le caiteachas poiblí méadaithe an rialtais ar bhonn sealadach i leith scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla chun cuidiú leo poist a chosaint agus dá réir sin na fostaithe a chosaint ar riosca na dífhostaíochta agus caillteanais ioncaim.

Leis an tacaíocht sin, cuideofar leis an bpobal a ndéantar difear dóibh agus cuideofar leis an tionchar díreach sochaíoch agus eacnamaíoch a d'eascair as géarchéim COVID-19 atá ann faoi láthair a mhaolú.

- **Comhréireacht**

Urramaítear leis an togra seo prionsabal na comhréireachta. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na hionstraime a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar an bpráinn a bhaineann leis an togra a ullmhú ionas go bhféadfaidh an Chomhairle é a ghlacadh go tráthúil, ní fhéadfaí comhairliúchán a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

Ós togra práinneach é an togra, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún iasachtaí a fháil ar na margaí airgeadais chun iad a lean-iasachtú do na Ballstáit a d’iarr cúnamh airgeadais faoi ionstraim SURE.

Mar aon le soláthar ráthaíochtaí na mBallstát, cuimsíodh coimircí eile sa chreat chun stóinseacht airgeadais na scéime a áirithiú:

- Cur chuige dian coimeádach i leith na bainistíochta airgeadais;
- Déanamh a bheith ar an bpunann iasachtaí lena dteorannaítear riosca comhchruinnithe, neamhchosaint bhliantúil agus neamhchosaint iomarcach do Bhallstáit aonair agus lena n-áirithítear san am céanna gur féidir acmhainní leordhóthanacha a thabhairt do na Ballstáit is mó a bhfuil gá acu leo; agus
- Féidearthachtaí a bheith ann leis na fiacha a thar-rolladh.

2022/0293 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Cróite chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil ag eascairt as ráig COVID-19**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhreis ar iarraidh ón gCróit an 6 Lúnasa 2020, dheonaigh an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348[3], cúnamh airgeadais don Chróit i bhfoirm iasachta ar luach uasmhéid EUR 1 020 600 000 í le meánaibíocht uasta 15 bliana, agus le tréimhse infhaighteachta 18 mí, d'fhonn iarrachtaí náisiúnta na Cróite a chomhlánú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige d'oibrithe.

(2) Bhí an iasacht le húsáid ag an gCróit chun na scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a mhaoiniú, dá dtagraítear in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348.

(3) Níl cuid shubstaintiúil den lucht saothair sa Chróit in ann dul ag obair de dheasca ráig COVID-19. Mar thoradh air sin, tá mórmhéadú tobann tagtha ar an gcaiteachas poiblí sa Chróit i leith na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 3(a) agus (b) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348.

(4) Imríodh tionchar suntasach ar an airgeadas poiblí mar thoradh ar ráig COVID-19 agus na bearta urghnácha a chuir an Chróit chun feidhme in 2020, 2021 agus 2022 chun srian a choinneáil ar an ráig sin agus an tionchar socheacnamaíoch agus an tionchar ar shláinte lena mbaineann. In 2020 bhí easnamh rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais ghinearálta ag an gCróit de 7,3 % agus de 87,3 % den olltáirgeacht intíre (OTI) faoi seach a laghdaigh go dtí 2.9 % agus 79.8 % faoi seach faoi dheireadh 2021. De réir réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais ghinearálta 1.8 % agus 73.1 % de OTI faoi seach ag an gCróit faoi dheireadh 2022. De réir réamhaisnéis eatramhach an tsamhraidh 2022 ón gCoimisiún, tuartar go dtiocfaidh méadú 3.4 % ar OTI na Cróite in 2022.

---

[2] IO L 159, 20.5.2020, lch. 1.

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Cróite chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil ag eascairt as ráig COVID-19 IO L 159, 20.5.2020, lch. 1.

(5) An 25 Iúil 2022 d'iarr an Chróit cúnamh airgeadais breise ón Aontas dar luach EUR 550 000 000 d'fhonn leanúint dá hiarrachtaí náisiúnta a rinneadh in 2020, 2021 agus 2022 a chomhlánú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige d'oibrithe. Go sonrach, rinne an Chróit na scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a leagtar amach in aithrisí 6 go 7 a leathnú agus a leasú tuilleadh.

(6) Ar bhonn an Achta um Margadh an tSaothair[4] thug an Chróit isteach beart lena gcuirtear cómhaoiniú ar thuarastail oibrithe ar fáil do ghnólachtaí a bhfuil titim ioncaim acu i gcomparáid le 2019[5], ar choinníoll nach bhfoirceannfar an caidreamh fostaíochta. Le haghaidh mhí an Mhárta 2020, socraítear méid na tacaíochta ag HRK 3 250 in aghaidh an fhostaí lánaimseartha, agus ag tosú ó mhí Aibreáin 2020 socraítear méid na tacaíochta míosúla ag HRK 4 000 in aghaidh an fhostaí lánaimseartha. Fanann an méid tacaíochta in aghaidh an fhostaí gan athrú le linn na tréimhse ina bhfuil an beart gníomhach, ach tagann athruithe ar na hearnálacha atá incháilithe do thacaíocht le himeacht ama, agus an méid sin ag brath ar dhálaí eacnamaíocha. Le haghaidh na tréimhse idir mí na Samhna 2020 agus mí an Mheithimh 2021, maidir le cuideachtaí atá faoi dhianghlasáil de réir cinneadh ó na húdaráis náisiúnta, faigheann siad tacaíocht in aghaidh an fhostaí lánaimseartha ag brath ar líon na laethanta dianghlasála ach ar méid é nach mbeidh níos airde ná HRK 4000 le haghaidh mí iomlán dianghlasála. Is éard atá sa bheart síneadh ar an mbeart a dtugtar tuairisc air in Airteagal 3(a) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 ón gComhairle, dá bhforáiltear sa Chinneadh ó Chomhairle Riaracháin Sheirbhís Fostaíochta na Cróite (CES) a glacadh an 20 Márta 2020 agus a leasaíodh an 25 Márta, an 7 Aibreán, an 9 Aibreán, an 6 Bealtaine, an 28 Bealtaine, an 18 Meitheamh, an 25 Meitheamh, an 10 Iúil agus an 29 Iúil, an 7 Meán Fómhair, an 22 Deireadh Fómhair, an 4 Samhain agus an 4 Nollaig 2020. Glacadh leasuithe ó CES ina dhiaidh sin freisin in 2021 trí chinntí a rinneadh an 8 Eanáir, an 21 Eanáir, an 3 Márta, an 15 Aibreán, an 30 Aibreán, an 31 Bealtaine, an 23 Iúil, an 25 Lúnasa, an 29 Meán Fómhair, an 15 Deireadh Fómhair, an 4 Samhain, agus in 2022 trí chinntí a rinneadh an 27 Eanáir agus an 31 Bealtaine[6]. Cuireadh deireadh leis an mbeart ag deireadh mhí an Mheithimh 2022.

(7) Thairis sin, ar bhonn 'an Achta um Margadh an tSaothair' thug an Chróit isteach beart lena gcuirtear tacaíocht ar fáil don laghdú sealadach ar am oibre[7] sa tréimhse idir mí an Mheithimh 2020 agus mí na Nollag 2022 do ghnólachtaí ina bhfostaítear 10 bhfostaí nó níos mó atá ag feidhmiú in aon earnáil, ar choinníoll nach bhfoirceannfar an caidreamh fostaíochta. Is féidir suas le HRK 2 000 in aghaidh na míosa in aghaidh an fhostaí a mhaoiniú leis an mbeart. Is éard atá sa bheart síneadh ar an mbeart a dtugtar tuairisc air in Airteagal 3(b) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 ón gComhairle, dá bhforáiltear sa Chinneadh ó Chomhairle Riaracháin Sheirbhís Fostaíochta na Cróite (CES) a glacadh an 29 Meitheamh 2020 agus a leasaíodh an 10

---

4 OG 118/18, 32/20

5 20 % atá sna critéir maidir le titim san ioncam sa tréimhse ó mhí an Mhárta go mí na Bealtaine 2020, 50 % sa tréimhse ó mhí an Mheithimh go mí na Nollag 2020, agus ag tosú ó mhí Eanáir 2021 ní gá ach laghdú ar ioncam a bheith ann i gcomparáid leis an mí chéanna in 2019.

6 Tá na cinntí le fáil ag: https://www.hzz.hr/o-hzz/upravno-vijece/upravno-vijece_sjednice-2021.php

7 Laghdú 10 % ar a laghad ar uaireanta oibre míosúla comhiomlána (i.e. uaireanta na n-oibrithe uile) i gcomparáid leis an mí chéanna den bhliain roimhe sin le haghaidh na tréimhse ó mhí an Mheithimh go mí na Nollag 2020. Ó mhí Eanáir 2021 ar aghaidh, ní mór laghdú 20 % ar a laghad a bheith ar líon na n-uaireanta oibre míosúla i gcomparáid le mí chomhchosúil den bhliain roimhe sin.

Iúil agus an 22 Deireadh Fómhair 2020, agus a leasaíodh tuilleadh an 8 Eanáir 2021 agus an 27 Eanáir 2022[8]. Tá sé beartaithe an beart a chur i bhfeidhm go dtí deireadh mhí na Nollag 2022.

(8) Comhlíonann an Chróit na coinníollacha maidir le cúnamh airgeadais a iarraidh a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/672. Chuir an Chróit fianaise iomchuí ar fáil don Choimisiún ina léirítear go bhfuil méadú EUR 2 220 567 523 tagtha ar an gcaiteachas poiblí iarbhír ón 1 Feabhra 2020 go deireadh mhí Aibreáin 2022 mar thoradh ar na bearta náisiúnta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíocha ráig COVID-19. Is mórmhéadú tobann é seo mar go mbaineann sé freisin le bearta atá ann faoi láthair a shíneadh nó a leasú, ar bearta iad a bhaineann go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla lena gcumhdaítear cuid shuntasach de ghnóthais agus de lucht saothair na Cróite. Tá sé beartaithe ag an gCróit EUR 631 536 540 den mhéid méadaithe caiteachais a mhaoiniú trí chistí an Aontais agus EUR 18 430 983 trína maoiniú féin.

(9) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCróit agus d'fhíoraigh sé an mórmhéadú tobann ar an gcaiteachas poiblí iarbhír a bhaineann go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla, dá dtagraítear in iarraidh an 25 Iúil 2022, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2020/672.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, cúnamh airgeadais a chur ar fáil d'fhonn cuidiú leis an gCróit aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíocha an tsuaite eacnamaíoch thromchúisigh de bharr ráig COVID-19. Ba cheart don Choimisiún na cinntí maidir le haibíochtaí, méid agus scaoileadh tráthchodanna agus tráinsí a dhéanamh i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta.

(11) Ós rud é go bhfuil an tréimhse infhaighteachta a léirítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 imithe in éag, tá gá le tréimhse infhaighteachta nua le haghaidh an chúnaimh airgeadais breise. Cuirfear síneadh 21 mhí leis an tréimhse infhaighteachta le haghaidh cúnamh airgeadais a dheonaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 agus, dá thoradh sin, ba cheart 39 mí a bheith sa tréimhse infhaighteachta iomlán dar tús an chéad lá tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348.

(12) Ba cheart don Chróit agus don Choimisiún an Cinneadh seo a chur san áireamh sa chomhaontú iasachta dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/672.

(13) Ba cheart don Chinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfaí a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh. Ní sáraítear an ceanglas atá ar na Ballstáit cásanna státchabhrach a fhéadfadh a bheith ann a chur in iúl don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh.

(14) Ba cheart don Chróit an Coimisiún a chur ar an eolas go tráthrialta maidir le cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí atá beartaithe, chun go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuir an Chróit an caiteachas sin chun feidhme.

(15) Rinneadh an cinneadh chun cúnamh airgeadais a chur ar fáil agus riachtanais reatha agus riachtanais ionchasacha na Cróite á gcur san áireamh, chomh maith le hiarrataí ar chúnamh airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2020/672 a cuireadh isteach cheana féin nó atá beartaithe le cur isteach ag Ballstáit eile, agus prionsabail na córa

[8] Tá na cinntí le fáil ag: https://www.hzz.hr/o-hzz/upravno-vijece/upravno-vijece_sjednice-2021.php

comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta á gcur i bhfeidhm san am céanna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Chróit arb é uasmhéid EUR 1 570 600 000 a bheidh inti. 15 bliana an mheánaibíocht uasta a bheidh ag an iasacht sin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. 39 mí a bheidh sa tréimhse infhaighteachta le haghaidh cúnamh airgeadais a dheonaítear leis an gCinneadh seo dar tús an chéad lá tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Scaoilfear an chéad tráthchuid faoi réir theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe iasachta dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/672. Scaoilfear aon tráthchuid eile i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe iasachta sin nó, i gcás inarb iomchuí, beidh siad faoi réir theacht i bhfeidhm aguisín a ghabhann leis, nó theacht i bhfeidhm comhaontaithe iasachta leasaithe a thabharfar i gcrích idir an Chróit agus an Coimisiún agus a ghabhann ionad an chomhaontaithe iasachta bunaidh.';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'Airteagal 3

Is féidir leis an gCróit na bearta seo a leanas a mhaoiniú:

(a) na fóirdheontais caomhnaithe post in earnálacha a ndéanann COVID-19 difear dóibh, de bhun Airteagail 35 agus 36 den 'Acht um Margadh an tSaothair' agus dá bhforáiltear sa chinneadh ó 'Sheirbhís Fostaíochta na Cróite an 20 Márta 2020' agus sna leasuithe ina dhiaidh sin trí na cinntí a rinneadh an 25 Márta, an 7 Aibreán, an 9 Aibreán, an 6 Bealtaine, an 28 Bealtaine, an 18 Meitheamh, an 25 Meitheamh, an 10 Iúil agus an 29 Iúil, an 7 Meán Fómhair, an 22 Deireadh Fómhair, an 4 Samhain agus an 4 Nollaig 2020. Glacadh leasuithe ó Sheirbhís Fostaíochta na Cróite ina dhiaidh sin freisin in 2021 trí chinntí a rinneadh an 8 Eanáir, an 21 Eanáir, an 3 Márta, an 15 Aibreán, an 30 Aibreán, an 31 Bealtaine, an 23 Iúil, an 25 Lúnasa, an 29 Meán Fómhair, an 15 Deireadh Fómhair, an 4 Samhain; agus in 2022, trí chinntí a rinneadh an 27 Eanáir agus an 31 Bealtaine; agus ;

(b) an chabhair le haghaidh uaireanta oibre laghdaithe, de bhun Airteagail 35 agus 36 den 'Acht um Margadh an tSaothair' agus dá bhforáiltear sa chinneadh ó 'Sheirbhís Fostaíochta na Cróite an 29 Meitheamh 2020' agus leasuithe a rinneadh

air ina dhiaidh sin an 10 Iúil agus an 22 Deireadh Fómhair 2020, agus a leasaíodh tuilleadh an 8 Eanáir 2021 agus an 27 Eanáir 2022.’;

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Cróite.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*